C/2025/6441

27.11.2025

Fógra achomair maidir le grinn-imscrúdú a thionscnamh i gcás FSP.103117 de bhun Airteagal 10(3)(d) de Rialachán (AE) 2022/2560

(C/2025/6441)

An 4 Samhain 2025, i gcomhréir le hAirteagal 10(3) de Rialachán (AE) 2022/2560 (an 'Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha') ([1]), chinn an Coimisiún grinn-imscrúdú a thionscnamh sa chás thuasluaite tar éis dó teacht ar thásca leordhóthanacha, bunaithe ar réamh-athbhreithniú, gur deonaíodh fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach do Portugal CRRC Tangshan Rolling Stock Unipessoal LDA ('Portugal CRRC'), atá rannpháirteach sa tairiscint a thíolaic Cuibhreannas faoi stiúir Mota-Engil Engenharia e Construção, S.A, (an 'Ceannaire Cuibhreannais') sa nós imeachta soláthair phoiblí ar a dtugtar tuairisc thíos. Tá tionscnamh an ghrinn-imscrúdaithe maidir leis an nós imeachta soláthair phoiblí faoina dtugtar fógra gan dochar don chinneadh críochnaitheach sa chás seo.

1. An nós imeachta soláthair phoiblí

An 17 Aibreán 2025, sheol Metropolitano de Lisboa E.P.E. ('an tEintiteas Conarthach') nós imeachta soláthair phoiblí oscailte le haghaidh 'Dearadh agus tógáil, feithiclí a fháil, agus seirbhísí cothabhála Líne Vialait Mheitreo Liospóin' faoi thagairt 253046-2025 ([2]) ar luach measta EUR 600 milliún ([3]) (an 'Nós Imeachta').

Tagraíonn na doiciméid tairisceana a fhoilsítear ar Vortal ([4]) do 'bhonnphraghas' seachas do 'luach measta' agus socraítear tairseach bhreise EUR 60 milliún leo chun rothstoc a sholáthar agus a chothabháil. D'fhéadfadh an tEintiteas Conarthach tairgeoirí a sháródh na bunphraghsanna a leagtar amach leis na ceanglais tairisceana a eisiamh.

Ba é an 14 Iúil 2025 an sprioc-am chun tairiscintí a chur isteach, agus fuair an tEintiteas Conarthach ceithre thairiscint go dtí sin.

An 5 Meán Fómhair 2025, fuair an Coimisiún faisnéis maidir leis an Nós Imeachta a bheith ann. D'iarr an Coimisiún ar an Eintiteas Conarthach a iarraidh ar na tairgeoirí a bhfógraí nó a ndearbhuithe a chur isteach de bhun Airteagal 29(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, a mhéid a chomhlíontar an tairseach a leagtar amach in Airteagal 28(1)(a) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha agus nár dámhadh an conradh go fóill.

An 9 Deireadh Fómhair 2025, fuair an Coimisiún aighneachtaí de bhun Airteagal 29(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha ó na hoibreoirí eacnamaíocha atá rannpháirteach sa nós imeachta tairisceana. Na hoibreoirí eacnamaíocha uile a bhfuil baint acu leis an gCuibhreannas faoi stiúir Mota-Engil, chuir siad fógraí de chuid an Rialacháin maidir le Fóirdheontais Eachtracha sa Soláthar Poiblí isteach. Chuir Portugal CRRC, atá ar cheann de phríomh-fhochonraitheoirí an chuibhreannais, dearbhú isteach.

2. An Ceannaire Cuibhreannais agus na ranníocaíochtaí airgeadais eachtracha ar tugadh fógra ina leith

Feidhmíonn Portugal CRRC Tangshan Rolling Stock, Unipessoal, LDA mar ionadaíocht áitiúil riaracháin agus díolacháin na Portaingéile ar a cuideachta sealbhaíochta dhíreach, CRRC Tangshan Co., Ltd. le haghaidh a cuid oibríochtaí san Eoraip, go háirithe chun tairiscint a dhéanamh i gconarthaí poiblí mórscála amhail Liospóin agus Porto.

Is fochuideachta faoi lánúinéireacht é CRRC Tangshan Co., Ltd. de CRRC Group Corporation Ltd. ('CRRC'), fiontar faoi úinéireacht tromlaigh stáit faoi mhaoirseacht an Choimisiúin um Maoirseacht agus Riarachán ar Shócmhainní faoi úinéireacht an Stáit de chuid Chomhairle Stáit Dhaon-Phoblacht na Síne.

Níor dhearbhaigh Portugal CRRC aon ranníocaíocht airgeadais eachtrach agus dúirt sé nár mheas sé gur oibreoir eacnamaíoch é féin sa tairiscint seo, ach gur soláthróir don chuibhreannas faoi stiúir an Cheannaire Cuibhreannais é'. Luaigh sé freisin gur chuir sé faisnéis ar fáil *'san fhoirm seo chun críoch faisnéise amháin agus maidir lena ghnó féin amháin.'*

Mar sin féin, de bhun Airteagal 29(5) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha agus Aithris (54) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, measann an Coimisiún gur 'príomh-fhochonraitheoir' é Portugal CRRC de réir bhrí an Rialacháin maidir le Fóirdheontais Eachtracha, toisc go n-áirithítear leis príomhghnéithe d'fheidhmíocht an chonartha, go háirithe soláthar rothstoic agus cothabháil an rothstoic, ar comhpháirteanna éigeantacha den tairiscint iad sa nós imeachta.

([1]) Rialachán (AE) 2022/2560 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 14 Nollaig 2022 maidir le fóirdheontais eachtracha lena saobhtar an margadh inmheánach (IO L 330, 23.12.2022, lch. 1).
([2]) https://ted.europa.eu/ga/notice/-/detail/253046-2025.
([3]) Arna choigeartú trí fhógra ceartúcháin a foilsíodh an 19.5.2025 — 322169-2025 — Comórtas — TED.
([4]) https://diariodarepublica.pt/dr/detalhe/anuncio-procedimento/13134-2025-918575399.

3. **Tásca maidir le fóirdheontais eachtracha a bheith ann**

Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil dó ag an gcéim seo, agus é á chur san áireamh go bhfuil Portugal CRRC agus a cuideachta sealbhaíochta dírí ionchorpraithe i gcuntais chomhdhlúite a cuideachta sealbhaíochta indírí CRRC, measann an Coimisiún go bhfuil tásca leordhóthanacha ann gur deonaíodh fóirdheontais eachtracha go hindíreach do Portugal CRRC de réir bhrí Airteagal 3 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha:

— Soláthar earraí agus seirbhísí i bhfoirm conarthaí soláthair phoiblí, arna ndámhachtain do CRRC Tangshan Co., Ltd. agus d'eintitis CRRC i nDaon-Phoblacht na Síne a bhféadfadh a luach a bheith níos mó ná EUR 36 bhilliún sna 3 bliana roimh an bhfógra. Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil don Choimisiún ag an gcéim seo, ní féidir leis a fháil amach gur dámhadh na conarthaí poiblí sin tar éis nósanna imeachta tairisceana iomaíocha, trédhearcacha agus neamh-idirdhealaitheacha, agus dá bhrí sin ní féidir leis a chur as an áireamh gur tugadh tairbhe shonrach dhíreach do CRRC leo sin agus go raibh tairbhe shonrach indíreach ag baint leo do Portugal CRRC.

— Aistriú cistí i bhfoirm deontais rialtais, a deonaíodh do CRRC i nDaon-Phoblacht na Síne dar luach thart ar EUR 471 mhilliún sna 3 bliana roimh an bhfógra, rud a thug tairbhe shonrach dhíreach do CRRC agus dá bhrí sin a bhí ina thairbhe shonrach indíreach do Portugal CRRC.

— Ioncam ligthe thar ceal i bhfoirm laghdú cánach 10 bpointe céatadáin ó ráta cánach 25 % Dhaon-Phoblacht na Síne maidir le Cáin Ioncaim Fiontair le haghaidh fiontair chónaitheacha a deonaíodh do CRRC i nDaon-Phoblacht na Síne ar bhonn leanúnach sna 3 bliana roimh an bhfógra, rud a thug tairbhe shonrach dhíreach do CRRC agus dá bhrí sin tairbhe shonrach indíreach do Portugal CRRC.

4. **Tásc maidir le saobhadh sa mhargadh inmheánach**

Bunaithe ar an bhfaisnéis atá ar fáil dó ag an gcéim seo, measann an Coimisiún go bhfuil tásca leordhóthanacha ann de réir bhrí Airteagal 10(3) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, go bhféadfadh na fóirdheontais eachtracha fhéideartha a shainaithnítear i Roinn 3 feabhas a chur ar staid iomaíoch Portugal CRRC agus dá bhrí sin ar staid iomaíoch an Cheannaire Cuibhreannais sa mhargadh inmheánach agus, ar an gcaoi sin, tionchar diúltach iarbhír nó féideartha a imirt ar iomaíocht sa mhargadh inmheánach de réir bhrí Airteagal 4 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha trína chur ar chumas an Chuibhreannais tairiscint a chur isteach a bhfuil buntáiste míchuí ag baint léi i ndáil leis na hoibreacha, na soláthairtí nó na seirbhísí lena mbaineann.

Thairis sin, measann an Coimisiún freisin go bhféadfadh na fóirdheontais eachtracha fhéideartha a shainaithnítear i Roinn 3 teacht faoi Airteagal 5(1)(e) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha, arb iad is dóichí, de bharr a gcineáil, an margadh inmheánach a shaobhadh.

Is mó i bhfad méid iomlán na bhfóirdheontas eachtrach a shainaithnítear ar bhonn tosaigh ná luach thairiscint an Chuibhreannais agus sciar Portugal CRRC de.

5. **Conclúid**

I bhfianaise mhéid iomlán na bhfóirdheontas eachtrach féideartha agus na faisnéise atá ar fáil don Choimisiún maidir le tairiscint Portugal CRRC, tá tásca leordhóthanacha ag an gCoimisiún — bunaithe ar a réamh-athbhreithniú ar na ranníocaíochtaí airgeadais a sainaithníodh roimh ré — gur deonaíodh fóirdheontais eachtracha do *na Páirtithe a bhfuil fógra á thabhairt acu, agus go háirithe do Portugal CRRC*, a d'fhéadfadh an margadh inmheánach a shaobhadh de réir bhrí Airteagail 4, 5(1)(e) agus 27 den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

Dá bhrí sin, chinn an Coimisiún grinn-imscrúdú a thionscnamh de bhun Airteagail 10(3) agus 30(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha.

6. **Cuireadh chun barúlacha a chur isteach**

I gcomhréir le hAirteagail 10(3)(d) agus 40(1) den Rialachán maidir le Fóirdheontais Eachtracha agus le hAirteagal 8(1) de Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1441 ón gCoimisiún (an 'Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le Fóirdheontais Eachtracha'), iarrann an Coimisiún ar aon duine nádúrtha nó dlítheanach, na Ballstáit agus an tríú tír a dheonaigh na fóirdheontais eachtracha a shainaithnítear i Roinn 3 a mbarúlacha a chur isteach. I gcomhréir le hAirteagal 8(3) den Rialachán Cur Chun Feidhme maidir le Fóirdheontais Eachtracha, i gcás ina mbeidh faisnéis rúnda sna barúlacha i scríbhinn a cuireadh isteach, soláthróidh an duine a bhfuil aighneacht á cur isteach aige leagan neamhrúnda den aighneacht an tráth céanna leis an leagan rúnda.

I gcásanna a bhfuil údar cuí leo, féadfaidh soláthraithe barúlacha a iarraidh nach nochtfar a gcéannacht. Deonófar anaithnideacht ar bhonn cúis mhaith fhollasach a léirítear san iarraidh.

Chun go gcuirfear barúlacha san áireamh go hiomlán mar chuid den nós imeachta, ba cheart na barúlacha sin a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá oibre tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún trí ríomhphost chuig grow-fsr-pp-notifications@ec.europa.eu, agus an tagairt FSP.103117 leis.